Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

15130/26

AGRILEG 252
PESTICIDE 66

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	An Coimisiún Eorpach
dáta a fuarthas:	27 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D117939/02
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh aicéataimípride i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D117939/02.

Faoi iamh: D117939/02

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2026/625
(POOL/E4/2026/625/625-EN.docx)
D117939/02
[…](2026) XXX draft

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an XXX

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh aicéataimípride i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an XXX

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh aicéataimípride i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás na substainte gníomhaí aicéataimípride, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) De bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuireadh iarratas isteach maidir le MRLanna le haghaidh aicéataimípride i bplumaí, i bpónairí soighe, i marós, i mbasal agus bláthanna inite agus i mil, agus cuireadh an dara hiarratas isteach maidir le MRLanna le haghaidh aicéataimípride i bpónairí soighe agus in eorna. Iarradh an méadú sin ar MRLanna ionas go mbeadh na Ballstáit in ann úsáidí nua táirgí cosanta plandaí ina bhfuil aicéataimíprid ar na sé thráchtearra bia sin a údarú, rud a sholáthródh uirlisí breise d'fheirmeoirí an Aontais chun lotnaidí ar na barra sin a chomhrac.

(3) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') measúnú ar na hiarratais agus ar na tuarascálacha meastóireachta a d'ullmhaigh na Ballstáit mheastóireachta, agus rinne sé scrúdú faoi leith ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairim réasúnaithe uaidh faoi na MRLanna atá beartaithe[2]. Chuir sé an tuairim réasúnaithe ar aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal í.

(4) A mhéid a bhaineann leis na feidhmeanna sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go raibh na sonraí iomchuí chun na tograí maidir le MRLanna le haghaidh aicéataimípride i bplumaí, i bpónairí soighe, i bpeirsil, i marós, i mbasal agus i mbláthanna inite. Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna sin a iarradh a shocrú ar na leibhéil a mholann an tÚdarás.

(5) I gcás eorna, shainaithin an tÚdarás bearna sonraí le haghaidh staidéir phróiseála, rud a cheanglaítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 283/2013 ón gCoimisiún[3] nuair is mó ná

[1] IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

[2] Modhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh aicéataimípride i mbarra éagsúla agus i mil. Iris EFSA, 2025; 23 (12); e9774. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9774.

[3] Rialachán (AE) Uimh. 283/2013 ón gCoimisiún an 1 Márta 2013 lena leagtar amach na ceanglais sonraí i ndáil le substaintí gníomhacha, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa

0,1 mg/kg na leibhéil iarmhar i dtráchtearraí inite. Dá bhrí sin, níor mhol an tÚdarás MRL chun tacú leis an úsáid atá beartaithe d'aicéataimíprid ar eorna. Mheas an Coimisiún agus na Ballstáit gurbh iomchuí an MRL le haghaidh aicéataimípride in eorna a ardú, mar chinneadh maidir le bainistiú riosca, go dtí an leibhéal a iarradh, leibhéal ar léiríodh é a bheith sábháilte do thomhaltóirí na hEorpa. I gcás meala, tá an MRL atá ann cheana le haghaidh aicéataimípride a leagtar síos le Rialachán (AE) 2026/876 ón gCoimisiún[4] níos airde ná an MRL a iarradh agus mheas an tÚdarás le déanaí go bhfuil sé sábháilte[5]. Dá bhrí sin, is iomchuí an MRL atá ann faoi láthair le haghaidh aicéataimípride i mil a choinneáil ar bun.

(6) An 14 Samhain 2025, ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius uasteorainneacha iarmhar Codex ('CXLanna') nua le haghaidh aicéataimípride i bpónairí, i lintilí, i bpiseanna agus i lúipíní/pónairí lúipíní[6].

(7) I gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], i gcás inar ann do chaighdeáin idirnáisiúnta nó i gcás ina gcuirfear i gcrích iad go luath, tá siad le cur san áireamh i bhforbairt nó in oiriúnú dhlí an bhia, seachas i gcás ina mbeadh na caighdeáin sin nó codanna ábhartha díobh ina modh neamhéifeachtach nó míchuí chun cuspóirí dlisteanacha dhlí bia an Aontais a chomhlíonadh, nó i gcás ina mbeadh údar eolaíoch ann, nó ina dtiocfadh leibhéal cosanta astu a bheadh éagsúil leis an leibhéal a chinntear a bheith iomchuí san Aontas. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 13, pointe (e), den Rialachán sin, tá an tAontas le comhsheasmhacht idir caighdeáin theicniúla idirnáisiúnta agus dlí bia an Aontais a chur chun cinn agus é á áirithiú an tráth céanna nach laghdófar an t-ardleibhéal cosanta a ghlactar san Aontas.

(8) Rinne an tÚdarás measúnú ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil leis na CXLanna sin do thomhaltóirí agus d'fhoilsigh sé tuarascáil eolaíoch[8]. Dheimhnigh sé go bhfuil na CXLanna le haghaidh aicéataimípride i bpónairí, i lintilí, i bpiseanna agus i lúipíní/pónairí lúipíní sábháilte do thomhaltóirí san Aontas.

(9) Ar bhonn na tuarascála eolaíche ón Údarás, agus na tosca ábhartha a liostaítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, thángthas ar an gconclúid. maidir leis na MRLanna le haghaidh aicéataimípride i bpónairí soighe, i

---

agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 93, 3.4.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/283/oj).

4 Rialachán (AE) 2026/876 ón gCoimisiún an 21 Aibreán 2026 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh aicéataimípride, aclóinífeine, deiltemheitrine, ocsaitiaipiopróiline agus fosfónáití potaisiam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L, 2026/876, 22.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/876/oj).

5 Modhnú a dhéanamh ar an uasleibhéal iarmhar atá ann cheana le haghaidh aicéataimípride i mil. Iris EFSA 2025;23(3): e9300, https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9300.

6 Clár comhpháirteach FAO/EDS um Chaighdeáin Bhia, Coimisiún Codex Alimentarius, an 48ú Seisiún, Ceanncheathrú FAO, an Róimh, an Iodáil, an 10-14 Samhain 2025. http://fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-702-88%252FFINAL%252520REPORT%252FREP25_EXEC1e.pdf.

7 Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj).

8 An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia. Tacaíocht eolaíoch chun seasamh ón Aontas Eorpach a ullmhú don 56ú Seisiún den Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí. Iris EFSA. 2025;23:e9640. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9640.

lintilí, i bpiseanna agus i lúipíní/pónairí lúipíní, gur cheart iad a shocrú ar leibhéal na CXLanna in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN